Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Public Notice
Planning & Development Act 2000 (as amended)

NOTICE OF INTENTION TO REVIEW THE GALWAY CITY DEVELOPMENT PLAN 2017-2023 AND TO PREPARE A NEW GALWAY CITY DEVELOPMENT PLAN 2023-2029

Notice is hereby given, pursuant to Section 11 of the Planning and Development Act 2000 (as amended), that Galway City Council, being the Planning Authority for the City, intends to review the City Development Plan 2017-2023 and to prepare a new City Development Plan for its functional area for the period 2023-2029.

The City Development Plan is strategic in nature for the purposes of developing objectives and policies to deliver a strategy for the proper planning and sustainable development of the city and a Core Strategy. It will take account of the statutory obligations of any local authority in the area and any relevant policies or objectives for the time being of the Government or of any Minister of the Government.

Strategic Environmental Assessment and Appropriate Assessment
The Planning Authority will carry out a Strategic Environmental Assessment (SEA) as part of the review process in accordance with the Planning and Development (Strategic Environmental Assessment) Regulations 2004 (S.I. No. 436/2004) (as amended). For this purpose, the Planning Authority will prepare an Environmental Report on the likely significant effects on the environment of implementing the new plan. The provisions of Articles 13C to 13J of the Planning and Development (Strategic Environmental Assessment) Regulations 2004 (S.I. No. 436 of 2004) (as amended) shall also apply.

The Planning Authority will carry out an Appropriate Assessment (AA) in accordance with Article 6 of the Habitats Directive 92/43/ECC. A Stage One Screening for AA shall be carried out as part of the overall process and subsequent stages of AA shall be carried out, if required.

Public Consultation
This pre-draft plan public consultation stage will take place between Thursday 7th January 2021 and Friday 5th March 2021 (inclusive).

To inform this process, a public consultation document which highlights some of the strategic issues for the city is available to view and download from www.galwaycity.ie. Details of further engagement occurring during the consultation process will be available on the Galway City Council website and social media.

A hard copy of the public consultation document are available on request from the Planning Department and can also be viewed at the offices of the Planning Department by appointment (Ph: 091 536 599.

Submissions/observations
Submissions/observations regarding the review of the existing Galway City Development Plan 2017-2023 and the preparation of the proposed new City Development Plan 2023-2029 and/or the SEA/AA process are invited from members of the public and other interested parties.

The focus of this stage of the process is on strategic issues to help frame the general direction of the next City Development Plan. In this context, proposals or requests for zoning of particular lands cannot be considered. There will be an opportunity to make submissions later in the process, including submissions in relation to zoning.

We encourage as many individuals, community groups, and stakeholders as possible to make a submission/observation. In particular children, or groups representing the interests of children, are encouraged to participate also.

Submissions/observations can be made by:

- Using the online submission portal at **www.galwaycity.ie/development-plan-2023-2029**
- By email to devplan@galwaycity.ie.
- By posting your submission/observation to **Senior Planner, Planning Department, City Hall, College Road, Galway, H91 X4K8.**

Please make your submission/observation in one form only i.e. online, by email or hard copy by post. Submissions/observations should have a title of **Development Plan Review** and should state your name, address and where relevant, the body or organisation represented.

The closing date for receipt of submissions /observations is Friday 5th March 2021.

All submissions /observations lodged within the above consultation period will be taken into consideration during the preparation of the new City Development Plan. Please note that late submissions /observations cannot be considered.

If you would like to further engage in this public consultation, please contact the Development Plan Team by email- devplan@galwaycity.ie or by Phone- 091 536599.

Due to the current pandemic and requirements to adhere to public health protocols, face to face meetings maybe restricted. In the interests of the safety of the public and staff, the City Council request adherence with controls in place where an appointment in person is made.

Data protection

Please note that all valid submissions/observations received by the Council shall be published on the Galway City Council website and will form part of the Chief Executive's Report on submissions/observations received and will be referenced /included in the minutes of Council meetings.

Galway City Council is subject to the requirements of the Freedom of Information Act, 2014, the Data Protection Act, 2018 and to the General Data Protection Regulations (GDPR). Data will only be processed in accordance with the aforementioned legislation. The Privacy Statement for the management of submissions made during this public consultation process can be found here on this Portal – https://www.galwaycity.ie/planning-privacy-statement Galway City Council's privacy policy is available here - https://www.galwaycity.ie/privacy-policy.

Signed:

Ruth McNally
Director of Services,
Transport, Planning, Physical Development and Human Resources.

Fógra Poiblí

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)

FÓGRA RÚIN CHUN ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR PHLEAN FORBARTHA CHATHAIR NA GAILLIMHE 2017-2023 AGUS CHUN PLEAN FORBARTHA CHATHAIR NA GAILLIMHE NUA 2023-2029 A ULLMHÚ

Tugtar fógra leis seo, de bhun Alt 11 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), go bhfuil sé i gceist ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, an tÚdarás Pleanála don Chathair, athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Cathrach 2017-2023 agus Plean Forbartha Cathrach nua a ullmhú dá cheantar feidhme don tréimhse 2023-2029.

Tá an Plean Forbartha Cathrach straitéiseach chun críocha na gcuspóirí agus na mbeartas a fhorbairt chun straitéis a sheachadadh i gcomhair pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe na cathrach agus i gcomhair Croístraitéise. Tabharfar san áireamh freisin oibleagáidí reachtúla aon údaráis áitiúil sa cheantar agus aon bheartais nó cuspóirí ábhartha an Rialtais nó aon Aire Rialtais san am i láthair.

Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil agus Measúnú Cuí

Déanfaidh an tÚdarás Pleanála Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil (SEA) mar chuid den phróiseas athbhreithnithe i gcomhréir leis na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil) 2004 (I.R. Uimh. 436/2004) (arna leasú). Chun na críche seo, ullmhóidh an tÚdarás Pleanála Tuarascáil Chomhshaoil ar na tionchair dhóchúla a bheadh ar an gcomhshaol dá gcuirfí an plean nua i bhfeidhm. Beidh feidhm freisin ag forálacha Airteagail 13C go 13J de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil) (Leasú) 2004 (I.R. Uimh 436 de 2004).

Déanfaidh an tÚdarás Pleanála Measúnú Cuí (AA) i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/ECC. Déanfar Scagadh Chéim a hAon don AA mar chuid den phróiseas foriomlán agus déanfar na céimeanna eile den AA ina dhiaidh sin, más gá.

Comhairliúchán Poiblí

Reáchtálfar an chéim chomhairliúcháin phoiblí seo roimh an dréachtphlean idir Déardaoin an 7 Eanáir 2021 agus Dé hAoine an 5 Márta 2021 (an dá lá sin san áireamh).

Mar bhuntaca leis an bpróiseas seo, tá cáipéis um chomhairliúcháin poiblí ina dtarraingítear aird ar roinnt de na saincheisteanna straitéiseacha don chathair ar fáil le hamharc uirthi agus lena híoslódáil ó www.galwaycity.ie. Beidh sonraí maidir le tuilleadh rannpháirtíochta a tharlóidh i rith an phróisis chomhairliúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin agus ar mheáin shóisialta na Comhairle Cathrach.

Tá cóip chruas den cháipéis um chomhairliúchán poiblí ar fáil ar iarratas freisin ón Rannóg Pleanála agus is féidir amharc uirthi ag oifigí na Rannóige Pleanála ach coinne a dhéanamh (Guthán: 091 536 599.

Aighneachtaí/breithnithe

Tá aighneachtaí/breithnithe maidir leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe reatha 2017-2023 agus ullmhú Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe nua 2023-2029 agus/nó an próiseas SEA/AA á lorg ó bhaill an phobail agus ó pháirtithe leasmhara eile.

Dírítear sa chéim seo den phróiseas ar shaincheisteanna straitéiseacha le cabhrú chun creat a chur ar threo ginearálta an chéad Phlean Forbartha Cathrach eile. Sa chomhthéacs seo, ní féidir breith a dhéanamh ar thograí ná ar iarratais maidir le criosú tailte áirithe. Beidh deis ann aighneachtaí a dhéanamh níos deireanaí sa phróiseas, lena n-áirítear aighneachtaí maidir le criosú.

Spreagaimid an oiread daoine, grúpaí pobail, agus páirtithe leasmhara agus is féidir chun aighneacht/breithniú a dhéanamh. Spreagtar go háirithe leanaí, nó grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar son leasa leanaí, le páirt a ghlacadh.

Is féidir aighneachtaí/breithnithe a dhéanamh trí:

- Leas a bhaint as an tairseach aighneachta ar líne ag **www.galwaycity.ie/development-plan-2023-2029**
- Trí ríomhphost chuig devplan@galwaycity.ie.
- Tríd an aighneacht/breithniú a phostáil chuig **An Pleanálaí Sinsearach, An Rannóg Pleanála, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, H91 X4K8.**

Ná déan aighneacht/breithniú ach ar bhealach amháin le do thoil i.e. ar líne, trí ríomhphost nó trí chóip chrua ar an bpost. Ba cheart go mbeadh **Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha** mar theideal ar aighneachtaí/breithnithe agus ba cheart go mbeadh d'ainm, seoladh agus nuair is cuí an comhlacht nó eagraíocht a bhfuil ionadaíocht á déanamh agat ar a son le haon aighneacht nó breithniú.

Is é Dé hAoine an 5 Márta 2021 an dáta deiridh chun aighneachtaí / breithnithe a chur isteach.

Cuirfear san áireamh gach aighneacht /breithniú a chuirtear isteach laistigh den tréimhse chomhairliúcháin thuas agus an Plean Forbartha Cathrach nua á ullmhú. Tabhair faoi deara nach féidir breith a dhéanamh ar aighneachtaí /breithnithe atá deireanach.

Dá mba mhaith leat tuilleadh rannpháirtíochta a bheith agat sa chomhairliúchán poiblí seo, déan teagmháil le Foireann an Phlean Forbartha trí ríomhphost devplan@galwaycity.ie nó ar an nGuthán- 091 536599.

Mar gheall ar an bpaindéim reatha agus na riachtanais le cloí le prótacail um shláinte phoiblí, d'fhéadfadh srian a bheith ar chruinnithe duine le duine. Ar mhaithe le sábháilteacht an phobail agus na foirne, iarrann an Chomhairle Cathrach go gcloítear leis na srianta atá i bhfeidhm i gcás go ndéantar coinne duine le duine.

Cosaint Sonraí
Tabhair faoi deara go bhfoilseofar gach aighneacht/breithniú bailí a fhaigheann an Chomhairle ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus go mbeidh siad mar chuid de Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le haighneachtaí/breithnithe a fuarthas agus tagrófar dóibh / áireofar iad i miontuairiscí chruinnithe na Comhairle.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi réir riachtanas an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, an Achta um Chosaint Sonraí 2018, agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Ní phróiseálfar sonraí ach de réir na reachtaíochta thuasluaite. Is féidir teacht ar an Ráiteas Príobháideachais maidir le bainistíocht aighneachtaí a dhéantar i rith an phróisis chomhairliúcháin phoiblí seo anseo ar an Tairseach seo – https://www.galwaycity.ie/planning-privacy-statement Tá beartas príobháideachais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar fáil anseo - https://www.galwaycity.ie/privacy-policy.

Sínithe:

Ruth McNally,
Stiúrthóir Seirbhísí, Iompar,
Pleanáil, Forbairt Fisiciúil agus Acmhainní Daonna.